



An Roinn  
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta  
Department of  
Arts, Heritage and the Gaeltacht

## 2 Phost Samhraidh ag obair ar thionscadail taighde Fiontar, DCU

Tréimhse oibre: 5 Lúnasa–3 Deireadh Fómhair 2014 (tréimhse 9 seachtaine)

Tuarastal ar ráta €339.44 sa tseachtain

Tá cúig thionscadal taighde faoi chúram Fiontar faoi láthair: [www.focal.ie](http://www.focal.ie), [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie), [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie), [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) agus [www.iate.europa.eu](http://www.iate.europa.eu) (na téarmaí Gaeilge).

### Dualgais

- Gnáthobair eagarthóireachta ar na tionscadail chuí, obair chatalógaithe ar dúchas.ie go príomha.
- Tascanna riaracháin.
- Tuairisciú rialta ar dhul chun cinn don Eagarthóir Taighde.
- Obair eile a thagann chun cinn ó am go ham.

### Riachtanais

Bunchéim onóracha sa Ghaeilge. Glacfar le hasphrionta torthaí céime na bliana 2014 má tá na torthaí ar fáil ag iarrthóirí in ainneoin nach mbeidh an chéim bronnta fós.

Tá caighdeán ard cruinnis sa Ghaeilge scríofa agus eolas ar an ngramadach riachtanach. Beidh tástáil scríofa sa Ghaeilge mar chuid den phróiseas earcaíochta.

### Iarratas

Ba chóir (i) litir iarratais i nGaeilge ag míniú cén fáth a bhfuil suim ag an iarrthóir sa phost, (ii) CV iomlán agus (iii) asphrionta torthaí deiridh na bunchéime a chur chuig [clare.coughlan@dcu.ie](mailto:clare.coughlan@dcu.ie) faoi 17 Iúil 2014.